

1. Cad a rinne tú ar an sós?
Bhí mé ag ...
Chuaigh mé go (dtí an) ...
Chonaic mé ...
D'ith mé ...
What did you do on the break?
I was at ...
I went to (the) ...
I saw ...
I ate ...
2. Ar ghlac tú páirt i gceardlann nó rang ealaíne riamh?
Did you ever take part in an art workshop or class?
3. Má bhíonn tú amuigh sa nádúir, an fearr leat bheith ar an trá, sa choill, cois locha, nó san fhásach?
If you are out in nature, do you prefer to be on the beach, in the woods, by a lake or in the desert?
4. An ndeachaigh tú riamh ag campáil?
Did you ever go camping?

Rothaí an tSaoil Siobhán de Paor & Diarmuid Lyng

Wheels of Life

1. Tá mé tagtha anseo go Cill Cheannaigh le *casta* (casadh) le beirt a tháinig le chéile ó chúlraí éagsúla. I've come here to Kilkenny to meet with two people who came together from different backgrounds.
2. Bhí grá acu don *Ghaeilg* (Gaeilge), bhí grá acu don chultúr Gaelach, agus bhí grá acu dá chéile. The loved Irish, they loved Irish culture, and they loved each other.
3. Agus tá siad tagtha le chéile le tearmann speisialta a chruthú agus a chothú le timpeallacht an nádúir, don Ghaeilg, agus le fis an tsochaí agus le pobal úr a chruthú. And they've come together to create and nurture a special refuge with the surrounded by nature for the Irish language, and with a vision to form a new society and community.
4. Agus táim ag súil go mór fáil amach cad é mar atá ag éirí le Siobhán de Paor agus Diarmuid Lyng agus iad ag fíorú a n-aislinge. And I'm really looking forward to finding out how Siobhán de Paor and Diarmuid Lyng are getting along realizing their vision.
5. Cad é mar atá sibh?
Céad míle fáilte, a chara.
Conas atá tú?
Go raibh míle maith agat.
Deas tú a fheiceáil. How are you?
Welcome, friend.
How are you?
Thank you.
Nice to see you.
6. Hello.
Seo Tuireann.
Hello Siobhán.
Deas *casta* (casadh) leat. Hello.
This is Tuireann.
Hello Siobhán.
Nice to meet you.
7. Tá an áit seo galánta.
Agus tá lá breá *fána* (faoina) choinne fosta. This place is beautiful.
And there is a nice day for it, too.
8. Tá. Bhuel, tá sé tar éis bheith ina shamhradh dúinn ar feadh trí nó ceithre mhí anseo. Tá sé chomh deas. Well, it has been summer for us for three or four months here. It's so nice.
9. Gach aon de na craobhacha, sméara, gach rud flúirseach. Every one of the trees, berries, everything is abundant.

10. Ó, tá sé galánta suaimhneach abhus anseo fosta. Oh, it's so peaceful over here too.
11. Tá fothain i gCill Cheannaigh, nach ea? Nach mbeidh sé sin i nDún na nGall. There is shelter in Kilkenny, isn't there? That would not be in Donegal.
12. Tá mise i bhfad ó bhaile abhus anseo. I'm far from home over here.
13. I gcomhthéacs Dhún na nGall nó Chorca Dhuibhne, tá sé i bhfad Éirinn níos fearr. Compared to Donegal or Corca Dhuibhne (Dingle Peninsula), it's much better.
14. Tá sé mar a bheith ar machaire méithe galánta agus talamh maith. It's like being on a beautiful fertile plain and good land.
15. Sa bhliain 2025 (fiche fiche a cúig), d'éirigh le Siobhán agus Diarmuid an talamh a *cheannacht* (ceannach) le cuidiú ó *eachtas* (feachtas) maoinithe agus deontóirí. In 2025 Siobhán and Diarmuid were able to buy the land with the help of a crowdsourcing and donation campaign.
16. Agus tá siad i mbun oibrithe cheana féin ar an fhís atá acu a chur i gcríoch. And they are already working on making their vision a reality.
17. Ní as Cill Cheannaigh aon duine den bheirt agaibh. Neither one of you is from Kilkenny.
18. Tá sé *chomh fhaid* (chomh fada), amuigh ó áit dhúchais ón dá áit fosta. It's so far from our homes, from the two places, too.
19. Chomh fhaid, thart air aon uair. Don bheirt agaibh? Uaireanta. So far, about one hour. For both of you? Hours.
20. Tá sibh sórt ag, cineál, teacht le chéile sa láir. *Yeah. Seo an compromise.* You are sort of coming together in the middle. Yes. This is the compromise.
21. Níl *éinne* (aon duine) sásta is tá gach duine sásta. Sin mar atá sé. Nobody is happy and everybody is happy. That's how it is.
22. Bhuel, tá sé cóngarach le go leor contaetha eile fosta. Tá sé maith mar áit. Tá. Well, it's close to a lot of other counties, too. It's good as a place. Yes.

23. Ba bhreá liom an áit a thaispeáint duit. An bhfuil fonn ort siúlóid a thógáil? I would love to show you the place. Would you like to take a stroll?
24. Ba bhreá dul síos go bhfeicimis thart air. It would be great to go down to look around.
25. D'fhéadfainn na ba a shamhlú in áit mar seo fad ó shin. I could imagine the cattle in a place like this long ago.
26. *Yeah*, ach is dócha ansin é sa chistin áit do na ba. Yeah, but I suppose that the place for the cows was there in the kitchen.
27. Sin díreach sa lár, an doras. Agus ba *'in* (sin), *you know*, go raibh nasc ann leis an áit ina raibh na ba. It's exactly in the middle, the door. And it was there, you know, that there was a connection with the place in which the cows were.
28. Agus ansin thíos, an foirgneamh níos sine ansin, sin cró na gcearc. And down there, the older building there, that's the hen shed.
29. Sin an stábla. Tá áit ag taisteáil uainn le daoine fanacht. That's the stable. We need a place for people to stay.
30. *So*, athróidh mise sin, b'fhéidir *bunks* a chur isteach ann. So, I'll change that, maybe put bunks in it.
31. Ach tá mé ag smaoineamh chomh maith gur bhreá liom rud éigin cosúil le ealaíontóirí ag teacht agus *just* am a chaitheamh ar feadh seachtaine. But I am also thinking I would love something like artists coming and just spending time for a week.
32. Tá an smaoineamh agam le tamall, *so*, sin iad na smaointe atá ag dul timpeall. I have been thinking that for a while, so, those the thoughts that are going around.
33. Spás a chruthú do dhaoine an nasc a dhéanamh leis an dteanga. To create a space for people to make the connection with the language.
34. Seo an áit ina ndéanaimid neart des na ceardlainne agus imeachtaí atá faoi láimh againn faoi láthair ansin. This is the place where we do a lot of our workshops and the other events we put on.
35. Seo an saghas an príomh-suíomh do gach aon ní. This is like the main site for everything.
35. Deasghnáth agus béile agus ceardlann. Ceremonies and meals and workshops.

Ceisteanna

1. Cén chontae ina bhfuil Siobhán agus Diarmuid ina gcónaí?
2. Cad atá Siobhán agus Diarmuid at iarraidh a chruthú?
3. Cad is ainm don pháiste a mbuaileann an láithreoir leis?
4. An bhfuil áit torranach é?
5. Cén saghas talún atá ann?
6. Cad a tharla i 2025 (fiche fiche a cúig, nó dhá mhíle fiche a gcúig)?
7. An as Cill Cheannaigh do Shiobhán agus Dhiarmuid?
8. Cad atá san fhoirgneamh níos sine?
9. Cad a dhéanfaidh siad leis an stábla?
10. Cad é an fhís atá ag Diarmuid do áit?

Questions

- In which county are Siobhán and Diarmuid living?
- What are Siobhán and Diarmuid trying to create?
- What is the name of the child that the presenter meets?
- Is it a noisy place?
- What kind of land is it?
- What happened in 2025?
- Are Siobhán and Diarmuid from Kilkenny?
- What's in the older building?
- What will they do with the stable?
- What is Diarmuid's vision for the place?